An mbeidh tú ag freastal ar chúrsa Gaeilge in Oideas Gael an samhradh seo?

*Tá **Teastas Eorpach na Gaeilge** agus **Oideas Gael** ag obair i gcomhpháirtíocht chun deis a thabhairt do fhoghlaimeoirí Gaeilge ar chúraí Oideas Gael scrúdú cainte a dhéanamh agus teastas **TEG** a bhaint amach an samhradh seo.*

Cén fáth?
Is é ***TEG*** an t-aon chóras cáilíochta do dhaoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge. Bunaíodh ***TEG*** i 2005 agus tá scrúduithe déanta ag suas le 3000 duine in Éirinn agus thar lear ó shin i leith. Cuireann rannpháirtithe cúrsaí Oideas Gael feabhas suntasach ar a gcuid Gaeilge tríd na cúrsaí seo agus tabharfaidh TEG sprioc bhreise do fhoghlaimeoirí díriú ar scileanna riachtanacha teanga.

*Cad a bheidh i gceist le scrúdú **TEG** a dhéanamh in Oideas Gael?*
Beidh scrúdaitheoirí ***TEG*** i láthair i nGleann Cholm Cille ar na dátaí seo: 12 Iúil agus 26 Iúil 2014 chun scrúduithe cainte a reáchtáil. Is féidir le daoine a bheidh cláraithe ar chúrsaí Oideas Gael le linn na seachtainí roimh na dátaí seo scrúdú cainte ***TEG*** a dhéanamh. Bronnfar teastas ***TEG*** (páirtchreidiúint) orthusan a n-éireoidh leo sna scrúduithe cainte.

Cén leibhéal a roghnóidh mé?
Beidh scrúduithe cainte ar fáil ag na leibhéil seo:

- A1 (Bonnleibhéal 1)
- A2 (Bonnleibhéal 2)
- B1 (Meánleibhéal 1)
- B2 (Meánleibhéal 2)

Beidh comhairle ar fáil maidir le leibhéil ó mhúinteoirí Oideas Gael agus ó fhoireann ***TEG***.

Conas a chláróidh mé don scrúdú?
Chun clárú don scrúdú cainte, téigh díreach go dtí www.teg.ie/OG_foirm/OG_iarratas.htm.
Táille scrúdaithe: €50

Gach eolas faoi scrúduithe ***TEG***: www.teg.ie.

Má tá aon cheist agat faoi scrúduithe ***TEG*** déan teagmháil le:
teanga@nuim.ie nó 00353 1 708 6417.